




Harry Clarke

B'ealaíontóir gloine daite agus maisitheoir leabhar é an t-Éireannach Harry Clarke. Ar bharr Ghailearaí Crawford tá seomra inar féidir leat cuid dá chuid ghloine dhaite a fheiceáil. Tá tuilleadh dá chuid fuinneoga le feiceáil i Séipéal Honan i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus i séipéal Naomh Bhearcháin, Baile an Chaisleáin, Contae Chorcaí.

Léirigh Harry Clarke mórán leabhar freisin, lena n-áirítear an bailiúchain aduain *Tales of Mystery and Imagination* le Edgar Allan Poe agus *Fairy Tales* le Hans Christian Anderson..

Oíche Fhéile Úna

Breathnaímid anseo ar a chuid líníochtaí don dán *Eve of St Agnes* (Oíche Fhéile Úna) le John Keats. Déantar na líníochtaí seo le péinteanna agus dúigh uiscedhath. Is staidéir iad ar roinnt fuinneoga gloine daite a d'íoc fear darb ainm dó Harold Jacob ar Harry á gcruthú. Bhí Harold Jacob ina úinéir ar mhonarcha brioscaí Jacobs, áit a ndéantar Cream Crackers, Mikado, FigRolls agus Club Milk.



Tagann an líníocht áirithe seo ón véarsa:

*At length burst in the argent revelry,
With plume, tiara, and all rich array,
Numerous as shadows haunting faerily
The brain, new stuff'd, in youth, with triumphs gay
Of old romance. These let us wish away,
And turn, sole-thoughted, to one Lady there,
Whose heart had brooded, all that wintry day,
Ón love, and wing'd St. Agnes' saintly care,
As she had heard old dames full many times declare.*


Tá duine de phríomhcharachtair an scéil, Beadsman, díreach tar éis teacht chuig cóisir rabairneach.

Féach mar a tharraing Harry an radharc seo. Tá gach éinne ag caitheamh éadaí an-chasta le go leor mionsonraí bídeacha agus tá fabraicí galánta ag crochadh ón tsíleáil. Is cosúil gur cóisir an-ardnósach í..


Patrúin

Cuireann Harry Clarke an-chuid sonraí agus maisíochtaí ina chuid saothar ealaíne. Féach ar na patrúin go léir a tharraing sé ar ghúnaí lucht na gcóisire. Tá a uigeacht féin ag gach ábhar atá ag crochadh ón uasteorainn. Tá cuma an tsó ag an gcóisir seo, nach ea? Caithfidh na hóstaigh a bheith an-saibhir.

Is bealach éasca i patrúin chun mionsonraí a chur le do chuid líníochtaí. Seo cúpla bealach éagsúil chun patrúin a chruthú. Tarraing trí phéire bríste mar seo:



Líon na brístí leis an gcruth atá fúthu. Tarraing an oiread cruthanna is mian leat chun an spás a líonadh. Is féidir gach dath agus gach méid éagsúil a bheith leo ar. Seo sampla:



Patrúin á stampáil

Bealach eile a dhéantar patrúin ná trí úsáid a bhaint as stampaí. Is féidir leat stampaí a dhéanamh as beagnach gach rud. Dhéanfaidh prátaí, oinniúin, úlla agus duilleoga cruthanna suimiúla ar fad. Dhéanfaidh claibínímarcóirí, fabraicí agus neart rudaí a gheofá sa bhosca athchúrsála agat sa bhaile an gnó céanna.

Seo cuid de na rudaí a bheidh á n-úsáid againn inniu.



Tá péinteanna nó pillíní stampála ag teastáil uainn. Tá úsáid a bhaint agam as péinteanna póstaeir agus dhá phillín stampála. Faigh roinnt páipéar freisin ionas gur féidir linn triail a bhaint as ár stampaí nua.

Seo chugainn an chuid spraoiúil de! Déan do stampaí a ndú tríd á dtumadh sa phéint, agus iad a phéinteáil le scuab nó iad a dhú le do chuid phillíní stampála.



Nuair a bhfuil tuiscint mhaith agat ar an gcaoi a n-oibríonn do chuid stampaí, is féidir leat iad á gcur i bhfeidhm ar do líníochtaí. Déan imlíne a tharraing ar fhigiúr ar pháipéir.



Cuir tús le do líníocht a líonadh agus úsáid á bhaint agat as do chuid stampaí. Tá spraoi leis na stampaí a chur ar bharr a chéile agus na patrúin nua a chruthaítear a fheiceáil.



Más mian leat tuilleadh sonraí a chur le do chuid oibre nuair a bhíonn an péint tirim, is féidir leat ansin tarraingt ar do chuid stampaí. Is féidir leat patrúin na stampála agus na líníochta a chomhcheangal trí chruthanna simplí a chur leo le

phinn, do luaidhe nó mharcóirí.



do phinn do

Anois is féidir leat patrúin a chruthú do gach líníocht agatsa! Stampáil sona dhuit!